

Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí - Márta 2022



@jct_RE



www.jct.ie



info@jct.ie

A Chomhghleacaithe OR, a chairde,
Fáilte chuig eagrán mhí an Mhárta de nuachtlitir OR na Sraithe Sóisearaí. Tá an-áthas ar fhoireann OR SSM go raibh an deis acu teagmháil a dhéanamh libh le seachtainí beaga anuas. An mhí seo leanfaimid orainn ag fiosrú 8 bPrionsabal na Sraithe Sóisearaí agus muid ag díriú ar Cháilíocht. Tá ailt againn freisin ar theicneolaíocht sa seomra ranga agus ar OR agus na hEalaíona.

Imeachtaí agus ceiliúradh atá le teacht i mí an Mhárta ón bhféilire idirchreidimh:

2ú Tosaíonn Cargas - An Chríostaíocht

8ú Lá Idirnáisiúnta na mBan

17ú Lá Fhéile Pádraig - An Chríostaíocht

17th Holi - Hiondúchas

20ú Lá Náisiúnta an tSonais


23ú Lá an aindiacháí

SOLE Sábháil an dáta:

Reachtálfaidh foireann OR SSM a n-imeacht foghlama ar líne san Earrach (SOLE) do mhúinteoirí ar an 6 Aibreán ó 5pm go 6pm.



Díreofar na nithe seo a leanas:
MRB 2 – Samplaí d'obair scoláirí a iniúchadh. Chun clárú don ócáid seo, lean an nasc seo:

<https://jct-ie.zoom.us/meeting/register/tJYuf-6hrTsuGtRLe473nVuh9s7SkxzXorzj>



Oiliúint AFMÁ

LFGL AFMÁ atá le teacht NASC <https://www.metourses.com/>



Prionsabail na Sraithe Sóisearaí: Cáilíocht

An mhí seo, beimid ag díriú ar an bpríomhphrionsabal Cáilíocht. Dearbhaítear i *gCreat don tSraith Shóisearach* (2015), leathanach 11, gur chóir do gach scoláire "oideachas ardchaighdeán a fháil, a bhfuil ionchais arda foghlaimeoirí mar shaintréith de agus barr feabhais a bhaint amach." Tá ábharthacht agus cur i bhfeidhm an phrionsabail sin le feiceáil sa seomra OR nuair a dhéanaimid measúnú ar MRBna ár scoláirí. Bainimid úsáid as na Gnéithe Cáilíochta—mar atá leagtha amach i dtreoirínnte OR CNCMI na ndéantar cur síos ar chaighdeán náisiúnta—chun an leibhéal gnóthachtála do na Measúnuithe Rangbhunaithe in OR a chinneadh. Tá ceithre thuariscín ann: Thar barr ar fad, Os cionn na nIonchas, Ag Teacht le hIonchais agus Ionchais le Baint Amach Fós. Agus iad seo á n-úsáid chun leibhéal gnóthachtála an scoláire i Measúnú Rangbhunaithe a mheas, úsáideann múinteoirí breithiúnas 'ar an iomlán'.



Le linn an phróisis MRB, ba cheart go mbeadh scoláirí in ann a chur in iúl cad é is gá dóibh a dhéanamh chun dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile ina gcuid foghlama mar gheall ar idirphlé leanúnach lena múinteoir agus trí aiseolas an-éifeachtach.



Obair shamplach MRB 2

Is féidir samplaí MRB 2 d'fhoghlaim na scoláirí san Oideachas Reiligiúnach a fheiceáil anseo [nasc anseo]

Is é cuspóir na samplaí seo cabhrú le forbairt ghairmiúil múinteoirí. Níl siad le húsáid chun aon chríche eile.

Sa chás go gcuirtear samplaí i láthair ar líne, níl sé i gceist go éiseamláirí iad ar an chur chuige amháin is féidir le scoláirí a ghlacadh agus iad ag plé le MRB 2. <https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Religious-Education/Examples-of-Student-Work/Examples-of-Classroom-Based-Assessment-2/>



Teicneolaíocht sa Seomra Ranga:

Díríonn meabhairmhapáí ar théama lárnach a iniúchadh agus ar smaointe nua agus gaolmhara a shamhlú a spréann amach ón téama nó ón gcoincheap áirithe sin. Is féidir le scoláirí a bheith ag obair leo féin nó ina mbeirteanna chun meabhairmhapa a fhorbairt. Trí dhíriú ar phríomhsmaointe atá scríofa síos ina bhfocail féin agus naisc a lorg eatarthu, is féidir le scoláirí eolas a mhapáil ar bhealach a chabhróidh leo tuiscint níos fearr a fháil ar fhaisnéis agus í a choinneáil. Is féidir le meabhairmhapáí cabhrú freisin le príomhscileanna na sraithe sóisearaí a fhorbairt, go speisialta:

- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- Mé féin a bhainistiú
- A bheith liteartha
- A bheith cruthaitheach
- Ag obair le daoine eile

Sa chás go n-úsáidtear leaganacha digiteacha, is féidir le múinteoirí

féachaint ar na léarscáileanna intinne chun a thabhairt faoi deara an gá an teagasc a chur in oiriúint. Is féidir le scoláirí a meabhairmhapáí a chur i láthair freisin agus aiseolas a thabhairt dá chéile ar réimsí a d'fhág siad ar lár, b'fhéidir, nó ar gá iad a fheabhsú ina meabhairmhapáí.



OR agus na Ealaíona

Leis na himeachtaí tragóideacha leanúnacha in Oirthear na hEorpa i láthair na huaire, tá macalla tráthúil agus tochtmhar ag an bpíosa dealbhóireachta álainn seo leis an ealaíontóir Úcránach Alexander Milov. I saothar Milov - dar teideal "Love"- tá fráma sreinge de bheirt daoine fásta ina suí droim le droim agus a leanaí inmheánacha ag síneadh amach chuig a chéile ón taobh istigh. San oíche, lasann na páistí inmheánacha freisin.

Cé gur féidir réimse léirmhínte a thabhairt ar an bpíosa, déanann Milov cur síos air mar léiriú ar an "gcoimhlint idir fear agus bean chomh maith le léiriú seachtrach agus inmheánach nádúr an duine. Cuirtear a bhféin inmheánach in iúl i bhfoirm leanáí trédhearcacha, atá ag síneadh amach a lámha tríd an ngráta. De réir mar a théann sé ó sholas, tosaíonn na páistí ag lonradh. Is siombail é an taitneamh seo den íonacht agus den dáiríreacht a thugann daoine le chéile agus a thugann seans dóibh éirí mór le chéile nuair a thagann an ré dhorcha."



Athfhriotal na Míosa

Má chuirimid dinn an geimhreadh casta, Is aoibhínn Dia dúinn gach samhradh feasta—Seamus Heaney

Liosta Seoltaí

Má tá aithne agaibh ar aon chomhghleacaithe nach bhfuair an nuachtlitir seo, spreag iad le bhur dtoil chun clárú ar an liosta seoltaí againn anseo:

Le gach dea-mhéin,

Fóireann an Oideachais Reiligiúnaigh